Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15754/25**

**ECOFIN 1575**
**UEM 573**
**FIN 1428**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghréig an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 27 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4], 21 Eanáir 2025[5] agus an 18 Iúil 2025[6].

(2) An 3 Samhain 2025, rinne an Ghréig iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an nGréig.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Ghréig isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 150 beart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10152/21 agus ST 10152/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15831/23 REV 1 agus ST 15831/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 11858/24; ST 11858/24 COR 1, ST 11858/24 ADD 1 agus ST 11858/24 ADD COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 17055/24, ST 17055/24 ADD 1 agus ST 17055/24 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[6] Féach doiciméid ST 11101/25 INIT agus ST 11101/25 ADD1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil ocht mbeart nach féidir a bhaint amach go páirteach nó ina n-iomláine a thuilleadh toisc go bhfuil moilleanna gan choinne a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Baineann sé sin le bearta 16285 (Infheistíochtaí sa ghréasán uiscithe náisiúnta trí scéimeanna comhpháirtíochta príobháidí poiblí), 16851 (Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe), 16823 (Straitéis agus beartais chibearshlándála don Earnáil Phoiblí agus ardseirbhísí slándála do bhonneagair chriticiúla náisiúnta), 16827 (Straitéis agus beartais Rialachais Sonraí don Earnáil Phoiblí), 16934 (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú), 16757 (Lárionad Radaiteiripe a bhunú in Ospidéal Galar Tóracsach 'Sotiria' na hAithne) agus 16925 (Claochlú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go mbainfí beart 16621 (Eisreachtú Éiceachóras Taighde agus Nuálaíochta na Gréige). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil ocht mbeart nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar éileamh níos ísle ná mar a raibh coinne leis. Baineann sé seo le bearta 16874 (Fuinneamh agus fiontraíocht), 16706 (Claochlú Digiteach FBManna), 16711 (Gairmiúlú réimse an tSoláthair Phoiblí, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac), 16584 (Tograí le haghaidh gníomhaíochtaí in Earnáil an Dobharshaothraithe), 16626 (Claochlú eacnamaíoch na hEarnála Talmhaíochta), 16634 (Páirceanna Tionsclaíocha Nua), 16931 (Forbairt na Turasóireachta), 16593 (Leasú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíocht straitéiseach a mhealladh). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann sé seo le beart 16996 (Stóráil fuinnimh a shuiteáil le haghaidh dul i bhfód foinsí fuinnimh in- athnuaite). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí an beart sin a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil cúig bheart nach féidir a bhaint amach go páirteach nó ina n-iomláine a thuilleadh toisc go bhfuil fadhbanna dlí gan choinne, lena n-áirítear dlíthíocht chúirte. Baineann sé seo le bearta 16291 (Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim), 16911 (Aermhodhanna le haghaidh bainistiú géarchéime), 16794 (An Córas Printíseachta, an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, agus scileanna a neartú), agus 16630 (Mórbhealach Thuaidh na Créite (B.O.A.K.)). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Thairis sin, tá iarrtha ag an nGréig go mbainfí beart 16785 (Clárlann na Turasóireachta e-MHTE). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil ceithre bheart nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh toisc go bhfuil dúshláin theicniúla gan choinne. Baineann sé seo le bearta 16778 (Digiteáil cartlann agus seirbhísí gaolmhara), 16793 (Tionscadal chun foirgneamh a thógáil atá tiomnaithe do Theiripí Ceallacha & Gine agus Saotharlanna Cliniciúla Hemateolaíochta laistigh d'Ospidéal Ginearálta Thessaloniki 'Papanikolaou'), 16904 (Míchumas), agus 16919 (Cosaint leanaí). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil 16 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé seo le bearta 16872 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe), 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgneamh), 16401 (An Clár um Uasghrádú Fuinnimh 'Upgrade My Home'), 16831 (Produc- E Green), 16924 (Leictrea-shoghluaisteacht), 16779 (Idir-inoibritheacht agus forbairt seirbhísí gréasáin), 16964 (Ionad Idir-inoibritheachta na Chéad Ghlúine Eile (KED)), 16795 (Bonneagar sláinte), 16755 (Athchóiriú ar an gCóras Cúraim Sláinte Phríomhúil), 16982 (Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n- iarnród), 16999 (Athchóiriú Inrochtaineachta tar éis éifeachtaí tubaisteacha stoirmeacha 'DANIEL agus 'ELIAS'), 16735 (Leas a bhaint as 'na healaíona ar oideas', comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, agus leas a bhaint as geilleagar na ndaoine scothaosta), 16989 (Úsáid talún agus spáis farraige a bharrfheabhsú chun fuinneamh in-athnuaite agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt), 16980 (Saoráid Iasachta an phlean téarnaimh agus athléimneachta), 16993 (Treochlár le haghaidh idirghabhálacha nuálacha éifeachtúlachta fuinnimh agus sainaithint ionstraime airgeadais nua) agus 16995 (Tionscadal maidir le táirgeadh hidrigine in-athnuaite). Ar an mbonn seo, tá iarrtha ag an nGréig go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tá mínithe ag an nGréig go bhfuil 88 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé seo le bearta 16870 (Idirghabhálacha le haghaidh idirnascadh leictreachais na n- oileán agus uasghrádú an ghréasáin leictreachais), 16871 (Gníomhaíochtaí athbheochana na gcríoch is mó atá buailte (Críocha an aistrithe chóir), 16899 (Méadú acmhainneachta suiteáilte ar fhostáisiúin Ardvoltais/Meánvoltais le haghaidh nasc FIF nua (HEDNO) Oibreoir Líonra Dáileacháin Leictreachais Heilléanach), 16900 (Uasghrádú líonra lasnairde Oibreora Líonra Leictreachais Heilléanaigh (HEDNO) i limistéir foraoise), 16901 (Uasghráduithe líonra HEDNO a bhfuil sé d'aidhm acu athléimneacht a fheabhsú agus an comhshaol a chosaint), 16926 (Tacaíocht chun córais stórála a shuiteáil chun dul i bhfód foinsí fuinnimh in- athnuaite a fheabhsú), 16875 (Forbairt bonneagair agus athchóiriú foirgneamh in iar-eastát ríoga in Tatoi), 16932 (Ionad Lúthchleasaíochta Oilimpeach na hAithne), 16894 (Creat pleanála spásúlachta speisialta nua a bhunú don fhuinneamh in-athnuaite, don tionsclaíocht agus don turasóireacht), 16850 (Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil), 16909 (Ionad Náisiúnta Bainistithe Riosca Tubaiste straitéiseach a bhunú), 16910 (Córas Faireacháin agus Bainistíochta), 16912 (Trealamh comhraicthe dóiteáin foraoise, trealamh coiscthe agus trealamh freagartha), 16983 (Réamhiniúchadh ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh), 16772 (Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme), 16855 (Satailítí beaga), 16844 (Aistriú chuig teicneolaíocht 5G, forbairt cianseirbhísí nuálacha a éascú), 16736 (Córas nua um Sholáthar Poiblí), 16791 (Claochlú Digiteach Eagraíocht Náisiúnta Turasóireachta na Gréige), 16810 (Bainistíocht caidrimh le custaiméirí don Rialtas Ginearálta), 16742 (Claochlú digiteach na hAireachta Gnóthaí Eachtracha), 16782 (Idirnascadh agus idir-inoibritheacht clárlann, córas agus seirbhísí le haghaidh malartú sonraí idir eagraíochtaí poiblí náisiúnta),

16824 (R-chlárlanna), 16928 (Teicneolaíochtaí nua agus treochtaí i dtreo ardseirbhísí an Riaracháin Phoiblí a ionchorprú, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú, agus costais oibriúcháin, uasghrádaithe agus chothabhála córas a laghdú), 16854 (Cathracha cliste), 16842 (Lárionad Faisnéise Gnó (FG) - Anailísíocht Sonraí), 16956 (Leathnú Syzefksis II), 16973 (Éiceachóras gnó digiteach a bhunú chun claochlú digiteach FBManna a éascú), 16922 (Comhtháthú Sóisialta), 16746 (Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha maidir leis an Margadh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht), 16747 (Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair), 16750 (Claochlú Digiteach na gCóras Saothair), 16941 (Brainsí áitiúla DYPA a athstruchtúrú agus a athbhrandáil chun an fhostaíocht a chur chun cinn (KPA2)), 16942 (Claochlú digiteach na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA)), 16289 (Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht), 16792 (Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú fórsa saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Oideachais agus Oiliúna)), 16913 (Straitéis nua maidir le Scileanna ar feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú), 16676 (Claochlú digiteach an Oideachais), 16933 (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú), 16816 (Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú an chaiteachais ar chúram sláinte), 16753 (Córais Cúraim Sláinte Baile & Ospidéal sa Bhaile a Bhunú), 16984 (Athchóiriú ar dhochtúirí pearsanta), 16726 (Barrfheabhsú Sochar Sóisialta), 16685 (Feasacht Éagsúlachta), 16402 (Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne), 16688 (Lánpháirtiú an phobail dídeanaithe i margadh an tsaothair a chur chun cinn), 16763 (Claochlú digiteach an chórais inimirce agus tearmainn), 16611 (Claochlú digiteach na n-iniúchtaí cánach), 16643 (Reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú), 16952 (An creat náisiúnta frithéillithe a neartú), 16701 (Feabhas a chur ar an líonra státchabhrach),

16703 (Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint), 16972 (Riarachán Poiblí a athchóiriú), 16974 (Athchóiriú Cuntasaíochta), 16705 (Claochlú na Bainistíochta Fioscaí agus na Maoirseachta ar Rialachas), 16940 (Ciste Taiscí agus Iasachtaí na Coinsíneachta Heilléanaí a nuachóiriú), 16986 (An cadastar náisiúnta a thabhairt i gcrích), 16292 (Foirgnimh breithiúnacha nua agus athchóirithe), 16727 (Claochlú Digiteach an Cheartais (R-Cheartas)), 16575 (Dlús a chur le riar an cheartais), 16581 (Maoirseacht agus iontaofacht fheabhsaithe ar an margadh caipitil), 16957 (Acmhainneacht an chórais airgeadais a neartú chun dúshláin oidhreachta a shárú agus an fíorgheilleagar a mhaoiniú), 16580 (Uasghrádú ar an mbonneagar digiteach is gá chun an creat dócmhainneachta aontaithe nua a chur chun feidhme chun fiachas agus dara deis a athstruchtúrú), 16618 (Taighde Bunúsach agus Feidhmeach), 16624 (Cruthú - Leathnú Uasghrádú ar Bhonneagair na nIonad Taighde faoi mhaoirseacht na hArdrúnaíochta um Thaighde agus Nuálaíocht (GSRI)), 16654 (TH$^2$ORAX: Córas Eiseamláireach Uathrialach Stóinsithe Trellis Iomlánaíoch & Hibrideach), 16971 (Taighde - Cruthú Nuáil), 16622 (HORIZON 2020 'Séala Barr Feabhais': na príomhchuideachtaí nuálacha a mhaoiniú), 16628 (Mórbhealach na Gréige Láir E-65: Trikala - Roinn Egnatia), 16892 (Iarnród fo-uirbeach na hAtaice Thiar a uasghrádú), 16833 (Oibreacha sábháilteachta aerfoirt a chur chun feidhme), 16959 (Claochlú Digiteach Eagraíocht na nIarnród Heilléanach), 16786 (Nósanna Imeachta na hAireachta Bonneagair agus Iompair a Shimpliú); 16293 (An cultúr mar spreagadh don fhás), 16433 (Séadchomharthaí cultúrtha agus láithreáin seandálaíochta a chosaint ar an athrú aeráide), 16721 (Dlús a chur le monaraíocht chliste), 16725 (Uasghrádú ar an ardoideachas ealaíon), 16485 (Bealaí Cultúrtha ar Shuíomhanna agus Séadchomharthaí Seandálaíochta Feathalacha),

16435 (Athchóiriú - Caomhnú - Séadchomharthaí na hAcropoil a fheabhsú), 16921 (Athsciliú agus Uas-sciliú sa Turasóireacht), 16937 (Córas Bainistíochta Clár Comhtháite Digiteach chun Oibreacha Teicniúla agus Sócmhainní Struchtúracha na hAireachta Bonneagair agus Iompair a Riar), 16975 (Idirghabhálacha do Chalafoirt Réigiúnacha a Uasghrádú), 16944 (Máistirphlean chun cabhlach loingseoireachta paisinéirí na Gréige a athnuachan), 16543 (Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht a uasghrádú), 16988 (Creat oibríochta rialála agus margaidh le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin chun dícharbónú an tionscail a chothú), 16990 (Acmhainneacht eangaí agus stórála - infheistíochtaí stórála a chothú), 16991 (Creat rialála i dtreo eangach chliste), agus 16992 (Tacar uirlisí chun comhroinnt fuinnimh, féintomhaltas agus Comhphobail Fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGréig go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Tar éis bhaint agus laghdú leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an nGréig go méadófaí leibhéal cur chun feidhme 17 mbeart. Baineann sé seo le bearta 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú chun an t-athchóiriú ar an mbeartas uirbeach a chur chun feidhme), 16846 (Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce), 16849 (An Plean Athfhoraoisithe Náisiúnta agus infheistíocht shuaitheanta Parnitha), 16955 (Uasghrádú ar bhonneagar agus seirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta um Thaighde agus um Theicneolaíoch (GRNET)), 16949 (Droichid Chliste), 16818 (Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh), 16780 (Nuachóiriú breise ar Ionaid Ilfhreastail an Riaracháin Phoiblí), 16929 (I dtreo seirbhísí atá dírithe ar 'chustaiméir' an Riaracháin Phoiblí trí phróisis, feabhsuithe ar chórais agus comhlíonadh straitéisí agus beartas Eorpach a shimpliú agus a fheabhsú), 16756 (Athchóirithe Eagrúcháin sa Chóras Sláinte), 16752 (Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)), 16783 (Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc 'Spiros Doxiadis' (NPP'SD')), 16486 (Músaem na seaniarsmaí faoi uisce), 16631 (Uasghrádú ar Shábháilteacht ar Bhóithre), 16653 (Claochlú Digiteach na hEarnála Agraibhia), 16536 (Bonneagar a uasghrádú, trealamh a athnuachan agus cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag Stórais HOCRED a uasghrádú - ARF Stores roimhe seo (ar an láthair agus leictreonach)), 16994 (Éifeachtúlacht Fuinnimh agus cur chun cinn RES le haghaidh uath-ídiú) agus 16960 (Bonneagar Cliste lena mbaineann fócas comhshaoil agus cultúrtha)). Ina theannta sin, tá iarrtha ag an nGréig go gcuirfí trí bheart nua isteach. Baineann sé seo le bearta 16403 (Instealltaí caipitil inaisíoctha isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach), 16405 (Measúnú colún ar an mBanc Forbartha Heilléanach) agus 16404 (Clár Forbartha don Rialtas Áitiúil 'Antonis Tritsis')). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(12) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Ghréig i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a chuimsítear sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

---

[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(15) Déantar measúnú sa phlean leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[8]. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóirithe agus infheistíochta modhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach do gach beart modhnaithe. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i gcloch mhíle nó i sprioc de chuid an bhirt sin. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 37,6 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 98,7 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

---

8 IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(17) Coinnítear ar bun sa phlean leasaithe bearta lena dtacaítear leis an aistriú glas a rannchuidíonn le spriocanna aeráide 2030-2050 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrachta faoi 2050 a bhaint amach, agus cothaítear an bhithéagsúlacht leis freisin. Mar shampla, faoi bheart 16994 tá coinne leis go mbeidh 161 455 griantéitheoir uisce agus 36 600 teaschaidéal á bhfáil ag teaghlaigh, lena n-áirítear mar thoradh ar spriocanna sonracha a leagtar síos do theaghlaigh leochaileacha.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(19) Cuireann na bearta sa phlean leasaithe leis an aistriú digiteach i gcónaí nó leanann siad de bheith ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara agus le haghaidh a thabhairt ar bhealach dearfach ar easnaimh na Gréige sa réimse digiteach, mar a shainaithnítear i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití, an dara tuarascáil dá leithéid. Leis an bplean leasaithe, tá aghaidh á tabhairt go mór i gcónaí ar na dúshláin maidir leis an aistriú digiteach atá ag an nGréig i réimsí na nascachta, na seirbhísí poiblí digiteacha, an chaipitil dhaonna agus na scileanna digiteacha, i ndigiteáil gnólachtaí agus i nglacadh na hardteicneolaíochta digití.

***Costáil***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) Chuir an Ghréig faisnéis agus fianaise leordhóthanach ar fáil nach raibh na costais mheasta cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe ón Aontas. I líon teoranta cásanna, áfach, níorbh fhéidir bunús leordhóthanach a thabhairt le meastacháin ar na costais. Ar an iomlán, éilíonn sé sin rátáil B faoi chritéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241. Ar deireadh, tá méid chostas iomlána measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(22) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ghréig chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Gréige maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(23) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], mheas an Ghréig gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, mheas an Ghréig nach raibh aon cheann de thionscadail den sórt sin le bheith san áireamh sa phlean leasaithe mar gheall go dtéann a n-amlíne thar 2026.

***Measúnú dearfach***

(24) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

---

[9] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj)

*Rannchuidiú airgeadais*

(25) Is é EUR 36 189 617 035 costas iomlán measta phlean leasaithe na Gréige. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghréig, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Gréige a bheith comhionann le EUR 18 220 378 076. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ghréig.

*Iasachtaí*

(26) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Ghréig dar luach EUR 17 727 538 920.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

---

[10] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(28) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an bPoblacht Heilléanach.

Arna dhéanamh in/sa …, ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*